



An Bhruiséal, 20 Meitheamh 2022
(OR. fr)

10239/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2002/0005(NLE)

ESPACE 74
TRANS 390
EU-GNSS 26
MAR 128
AVIATION 118

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle
Ábhar:	Cinneadh ón gComhairle maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú maidir le córais loingseoireachta satailíte Galileo agus GPS agus a bhfeidhmchláir ghaolmhara a chur chun cinn, a sholáthar agus a úsáid idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit de pháirt amháin agus Stáit Aontaithe Mheiriceá den pháirt eile

- *Glacadh*

1. An 14 Eanáir 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú maidir le córais loingseoireachta satailíte Galileo agus GPS agus a bhfeidhmchláir ghaolmhara a chur chun cinn, a sholáthar agus a úsáid idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, den pháirt eile, ar feadh tréimhse 5 bliana.
2. Ag an gcruinniú a bhí aige an 1 Feabhra 2022, thíolaic an Coimisiún an togra maidir le síneadh a chur leis an gcomhaontú agus scrúdaigh an Mheitheal um an Spás an togra. Ag eascairt as comhairliúchán i scríbhinn a tugadh chun críche an 11 Feabhra 2022, tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs agus maidir leis an iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa.

3. Chinn an Chomhairle toiliú Parlaimint na hEorpa a iarraidh maidir leis an dréachtchinneadh maidir le síneadh a chur leis an gcomhaontú¹.
4. Ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 7 Meitheamh 2022, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú don dréachtchinneadh maidir le síneadh a chur leis an gcomhaontú.
5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, a mholadh don Chomhairle cinneadh a dhéanamh, mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an dréachtchinneadh maidir le síneadh a chur leis an gcomhaontú maidir le síneadh a chur leis an gComhaontú, mar a leagtar amach in 6531/22 é, a ghlacadh.

¹ 6531/22